An Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST)

Foilsiú folúntais maidir le post Comhairleora – Nascacht

(Gníomhaire Sealadach – Grád AD13)

(Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh)

COM/2026/10487

Cé sinn

Tá an próiseas roghnúcháin seo á eagrú ag an gCoimisiún Eorpach chun go bhféadfar gníomhaire sealadach a earcú chun post Comhairleora – Nascacht san Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST) a líonadh.

Tá an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST) i gceannas ar bheartais chomharsanachta agus mhéadaithe an Aontais agus oibríonn sí go dlúth leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), leis na hArd-Stiúrthóireachtaí líne agus leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais. Trí ghníomhaíochtaí cistiúcháin a chur chun feidhme i gcomharsanacht Oirthear na hEorpa, tacaíonn AS ENEST leis an athchóiriú agus leis an gcomhdhlúthú daonlathach, agus neartaíonn sí an rathúnas, an chobhsaíocht agus an tslándáil ar fud na hEorpa. I réimse an mhéadaithe, tugann AS ENEST cúnamh do na tíortha sin atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas, na critéir atá leagtha amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach a chomhlíonadh. Bainistíonn AS ENEST caidreamh déthaobhach an Aontais le tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha iad ar bhallraíocht san Aontas agus tugann sí tús áite d'athchóirithe ar an smacht reachta, rialachas eacnamaíoch agus athchóiriú ar an riarachán poiblí. Tá aird pholaitiúil laistigh den Choimisiún, den Eoraip agus go hidirnáisiúnta á díriú ar ár n-iarrachtaí, agus tá a seasamh i gcroílár thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin nua faighte acu mar gheall ar chomhthéacs geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch atá ag athrú.

Is é misean Stiúrthóireacht ENEST.C 'Comharsanacht an Oirthir agus an Tuirc' rannchuidiú le cur chun feidhme chreataí comhair an Aontais i gComharsanacht an Oirthir, trí chúnamh a dhearadh agus trí ionstraimí agus acmhainní an Choimisiúin a shlógadh, chun luachanna agus beartais an Aontais a chur chun cinn sa réigiún sin go háirithe. Tugann sé cúnamh do thíortha atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas agus rannchuidíonn sé le caidreamh speisialta an Aontais lena thíortha comharsanachta san Oirthear a fhorbairt, d'fhonn feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil, agus an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas agus urraim do chearta an duine á gcur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, déanann an Stiúrthóireacht maoirseacht ar chur chun feidhme an chúnaimh airgeadais ó Thoscaireachtaí an Aontais faoi bhainistíocht dhíláraithe, agus stiúrann sé an cur chun feidhme sin, agus cuireann sí cláir ilnáisiúnta nó réigiúnacha chun feidhme. Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht maidir leis an gClár Oibre um Nascacht a chomhordú agus a chur chun feidhme.

An tairiscint

Is éard atá á thairiscint againn post suimiúil dúshlánach mar Chomhairleoir um Nascacht do Stiúrthóir ENEST C chun tacú leis an Stiúrthóir sna réimsí seo a leanas:

- Treoraíocht a chur ar fáil maidir le beartais straitéiseacha i bpríomhréimsí atá faoi shainchúram na Stiúrthóireachta,
- Comhleanúnachas a chinntiú ar fud tionscnaimh agus ionstraimí beartais,
- Tacú le teagmháil ardleibhéil le páirtithe leasmhara institiúideacha agus seachtracha,
- Obair Rúnaíocht Ardán an Chláir Oibre um Nascacht a chomhordú agus tacú léi, agus rannchuidiú le cuspóirí an chomhair agus an chomhordaithe réigiúnaigh faoin gClár Oibre um Nascacht.

Comhairle Beartais Straitéisigh

- Comhairle a thabhairt maidir le forbairtí beartais a bhaineann le nascacht agus le comhar réigiúnach.
- Rannchuidiú le treoshuímh agus tosaíochtaí straitéiseacha na Stiúrthóireachta a shainiú.
- Comhleanúnachas a chinntiú idir cuspóirí beartais, forbairtí rialála agus uirlisí cur chun feidhme.

Comhordú agus Stiúradh Beartais

- Tacú le comhordú tionscnamh trasearnálach laistigh den Stiúrthóireacht agus ar fud AS ENEST.
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí beartais, clársceidealaithe agus infheistíochta a ailíniú.
- Ionchur a sholáthar do phleanáil straitéiseach agus do phróisis chomhordúcháin inmheánacha.

Teagmháil Ardleibhéil le Páirtithe Leasmhara

- Tacú le hidirghníomhaíocht an Stiúrthóra le hinstitiúidí an Aontais, le húdaráis tíortha comhpháirtíochta, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí airgeadais.
- Idirphlé ilpháirtithe leasmhara a éascú; comhairliúcháin, meithleacha agus cruinnithe ardleibhéil tráthrialta a eagrú agus a stiúradh le tíortha comhpháirtíochta, le Ballstáit an Aontais, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, le gníomhaithe san earnáil phríobháideach, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.
- Cruinnithe agus imeachtaí ardleibhéil a ullmhú agus páirt a ghlacadh iontu.

Seisiúin Faisnéise agus Cumarsáid Straitéiseach

- Feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála idir an Clár Oibre um Nascacht, institiúidí an Aontais agus páirtithe leasmhara réigiúnacha chun cumarsáid a chuíchóiriú agus scrogaill a réiteach.
- Páirt a ghlacadh in ullmhú na bpríomhdhoiciméad beartais agus sa tuairisciú.
- Tacú le cur in iúl agus suí thosaíochtaí Stiúrthóireacht C trí chéile.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Buanna pearsanta:

- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide (ó bhéal agus i scríbhinn araon) chun cumarsáid éifeachtúil líofa a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- An cumas ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar an gCoimisiún i bhfóraim sheachtracha, lena n-áirítear cruinnithe idirnáisiúnta, comhdhálacha agus imeachtaí poiblí eile.
- Scileanna láidre coincheapúla agus straitéiseacha agus an cumas cásanna casta a thuar agus a léirmhíniú, chomh maith le breithiúnas polaitiúil fónta.

Sainscileanna:

- Eolas an-mhaith ar Rialachán Airgeadais an Aontais agus ar na nósanna imeachta bainistíochta airgeadais agus soláthair in institiúidí an Aontais.
- Sáreolas ar nósanna imeachta an Choimisiúin, ar shaincheisteanna institiúideacha agus tuiscint láidir ar an timpeallacht pholaitiúil maidir le Clár Oibre an Aontais um Nascacht chomh maith le comhthéacs bheartas an mhéadaithe agus chomharsanacht an oirthir, de thoradh taithí ar fheidhmeanna comhairleacha sinsearacha.
- Taithí i réimse an chaidrimh laistigh d'institiúidí agus idir institiúidí nó an chaidrimh sheachtraigh.
- Eolas an-mhaith ar struchtúir rialachais an Choimisiúin, i réimsí an Fhuinnimh agus an Bheartais Dhigitigh go háirithe agus maidir le beartais iompair an Aontais agus TEN-T go háirithe.
- Tuiscint an-mhaith ar thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus ar bheartais AS ENEST, maidir le nascacht go háirithe.

Scileanna comhairleacha:

- Taithí ar anailís a dhéanamh ar bheartais sheachtracha éifeachtúla éifeachtacha agus iad a chur chun feidhme agus taithí ar bheith ag obair ar shaincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de.
- An cumas smaoineamh go cruthaitheach, straitéisí a shainaithint agus réitigh phraiticiúla réadúla a dhéanamh díobh.
- An cumas saincheisteanna teicniúla casta a chur i láthair páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar bhealach áititheach.
- An cumas comhordú, caibidlíocht agus ionadaíocht a dhéanamh, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i suíomhanna iltaobhacha.
- Taithí shuntasach ar dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara nascachta, laistigh de réimse an iompair go háirithe, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar leibhéal aireachta nó ar leibhéil chomhchosúla laistigh d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus d'institiúidí airgeadais, lena n-áirítear cuntas teiste an-mhaith maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i gcrích agus straitéisí iltaobhacha a fhorbairt.
- An cumas líonraí a thógáil agus a choinneáil ar bun le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chomh maith leis an gcumas tacú le socruithe casta eagraíochtúla agus iad a chomhordú, i suíomh atá inchomparáide le Rúnaíocht comhlachta idirnáisiúnta.

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh (ceanglais incháilitheachta)

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh[1].

Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na céime roghnúcháin ach iarrthóirí a chomhlíonfaidh na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas **faoin sprioc-am maidir le hiarratais**:

- Náisiúntacht: ní ghlacfar le hiarratas ach ó dhaoine a bhfuil saoránacht ceann de na Ballstáit acu.

- Céim nó dioplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:

  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

  Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

- Taithí ghairmiúil: Ar an dáta deiridh le hiarratais a dhéanamh, arna leagan síos san fhógra seo, ní mór do na hiarrthóirí a thaispeáint go bhfuil acu, mar aon leis na cáilíochtaí a iarrtar thuas, 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil, a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma a bhaint amach a theastaíonn le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin[2].

- Teangacha: De réir phointe (e) d'Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ní mór eolas cuimsitheach ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh[3] a bheith ag iarrthóirí agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha sin.

- Teorainn aoise: Ní mór d'iarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois a sainítear gurb éard atá i gceist léi, do ghníomhairí sealadacha an Aontais Eorpaigh, deireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile)[4].

---

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

[2] Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear san áireamh saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú, más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach tá uastréimhse 3 bliana i gceist leis sin, agus ní mór an dochtúireacht a bheith curtha i gcrích. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach uair amháin.

[3] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01958R0001-20130701&qid=1408533709461&from=GA

[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

Próiseas roghnúcháin

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnúchán (Cinneadh ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 maidir le post comhairleora C(2016) 3214)[5], is infheidhme de bhua Airteagal 15(3) de Chinneadh C(2025) 4716 ón gCoimisiún, an 16 Iúil 2025, lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid[6].

I dteannta an fhoilseacháin sheachtraigh seo, tá an post seo foilsithe go hinmheánach ag an gCoimisiún Eorpach freisin faoi Airteagal 29(1)(a)(i) agus (iii) de na Rialacháin Foirne agus go hidirinstitiúideach faoi Airteagal 29(1)(b) de na Rialacháin Foirne.

I gcomhréir le hAirteagal 29 de na Rialacháin Foirne, tá tosaíocht ag iarratais ó oifigigh an Choimisiúin agus ó oifigigh ó Institiúidí eile[7]. De bhun Airteagal 14 de Chinneadh C(2025) 4716 ón gCoimisiún, ní dhéanfar gníomhaire sealadach a fhostú ach amháin mura sainaithnítear aon oifigeach oiriúnach ón gCoimisiún ná ó Institiúidí eile.

Tá dhá chéim ar leith sa phróiseas, ceann i ndiaidh a chéile:

1. Réamhroghnú

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun.

Tá an painéal réamhroghnúcháin comhdhéanta i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 maidir le post comhairleora C(2016) 3214.

Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, déanfaidh sé an chéad fhíorú incháilitheachta ina dhiaidh sin agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Chun é a chur ar chumas an phainéil réamhroghnúcháin inghlacthacht na n-iarratas a mheas, **iarrtar ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a lua go soiléir sa CV**:

- maidir le cúrsaí staidéir a rinneadh: dáta tosaigh agus dáta deiridh an chúrsa, gnáthfhad an chúrsa iomláin agus teideal beacht an dioplóma a baineadh amach;
- maidir leis na tréimhsí taithí gairmiúla: dáta tosaigh agus dáta deiridh gach taithí agus cineál beacht na bpost, sonraítear líon na foirne agus méid an bhuiséid a bhainistítear.

2. Roghnú

Tar éis na n-agallamh, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a chuid conclúidí a tharraingt suas agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallamh deiridh ina dhiaidh sin leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Rapóirtéir a ceapadh le haghaidh an phróisis roghnúcháin, agallamh a dhéanfar chun iad a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta de réir a gcuid cáilíochtaí, a gcuid taithí oibre agus a gcuid eolais ar theangacha, mar a leagtar amach san fhógra seo. Cinnteoidh an Rapóirtéir go mbeidh trédhearcacht agus próis chuí ann i gcaitheamh an nós imeachta.

[5] https://commission.europa.eu/document/download/eb910150-1a86-4e35-9adc-06a193f7d83b_en?filename=C_2016_3214_F1_COMMISSION_DECISION_EN_V3_P1_846272.pdf

[6] https://commission.europa.eu/document/download/a0c42654-bd5d-4fa6-8fba-613603da63f5_en?filename=commission-decision-temporary-agents-c-2025-4716-en.pdf

[7] Ba cheart d'oifigigh ón gCoimisiún nó ó Institiúidí eile cainéil chaighdeánacha a úsáid (Sysper nó an tairseach folúntais idirinstitiúideach)

Is é an tArd-Stiúrthóir a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis an gceapadh, rud a dhéanfaidh sé i bhfianaise thorthaí an agallaimh.

Doiciméid tacaíochta

Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí na doiciméid tacaíochta oifigiúla seo a leanas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an nós imeachta, ar doiciméid iad lena ndearbhaítear an fhaisnéis a thug siad ina CV agus ina litir inspreagtha.

- Cóip de dhoiciméad a chruthaíonn an tsaoránacht atá acu (cárta aitheantais nó pas);
- Cóip de na dioplómaí nó de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a iarrtar;
- Teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí oibre atá acu.

Dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí oibre atá an t-iarrthóir ag iarraidh a chur san áireamh don phróiseas roghnúcháin seo, ní mór an méid sin a bheith luaite go soiléir sna doiciméid sin. Chuige sin, ba cheart do na hiarrthóirí teastais fostaíochta ó na fostóirí a bhí acu agus ón bhfostóir atá acu faoi láthair a chur ar fáil. I gcás nach féidir an méid sin a dhéanamh, glacfar le cóipeanna de chineálacha doiciméid eile, e.g.: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach.

Mura gcuirfear na doiciméid sin ar fáil laistigh den sprioc-am atá leagtha síos san iarraidh, d'fhéadfaí iad a chur as an áireamh ón roghnú.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig an agallamh deiridh, beidh orthu dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Ceapadh

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh d'údarás náisiúnta slándála inniúil an duine grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt don duine sin rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála a fháil, agus nach féidir sin a dhéanamh ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanta agus go

gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún atá ina cheanglas dlí.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún cuspóir straitéiseach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, d'fhéadfadh sé go dtairgfí conradh sealadach dóibh faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Cinneadh C(2025) 4716 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid.

4 bliana a mhairfidh an chéad chonradh, agus féadfar 2 bhliain ar a mhéad a chur leis.

Agus uasfhad an chonartha á chinneadh, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha Chinneadh C(2004)1597/6 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (7 mbliana le linn tréimhse 12 bhliain), arna leasú.

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Déanfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis a fhostú mar ghníomhaire sealadach ar ghrád AD13 agus rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí gairmiúla roimhe sin.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear de réir na Rialachán Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí i gcrích agus toradh sásúil a bheith uirthi.

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA: An Bhruiséil

LEIBHÉAL: AD13

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an t-iarrthóir a roghnófar i mbun a chuid dualgas, beidh air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Sonraí pearsanta a chosaint

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Nós imeachta um iarratais

Sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh'), go háirithe iad siúd a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, leis an taithí ghairmiúil agus leis an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

https://europa.eu/!NCKMBd

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun d'iarratas a chríochnú, ní mór duit:

a) **Curriculum Vitae (CV)** i bhformáid PDF a sholáthar, agus formáid CV Europass á húsáid más féidir[9];
b) **litir inspreagtha** a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar)**.**

Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar le ríomhphost. Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:
HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

[8] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).
[9] Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv

Dáta deiridh

Is é an **31/07/2026, 12.00 meán lae, am na Bruiséile,** an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.